Irish
Junior Certificate
Higher Level

Past Exam Questions on
Unseen Poetry

Q3 Section 2 2010 Paper 2

Ceist 3. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

An Púdal Béal Dorais

Is réalta é Púdailín,
an créatúirín de mhaidrín,
a rug an bua iontach leis
ag Seó na Madraí i gCrufts.

Nuair a tháinig Púdailín abhaile
bhí an Taoiseach ann is Teachtaí Dála,
bronnadh saoirse na cathrach air
agus litir ghairdis ón bPáirc.

Is cúis onóra í d'Éireannaigh,
agus is onóir leis go bhfuilimid
bródúil aisti, go bhfuair ár bpúdal
an bua ar mhadraí móra an tsaoil.

Ach ní raibh saol an mhadra bháin
gan scamall mar níor tugadh cead a chinn
don phúdal, meascadh le maidríní na sráide
ar nós a chompánaigh, ar nós a chairde.

(le **Pilib Ó Brádaigh**)

Teideal: púdal: madra beag
L.8: litir ghairdis: litir chomhghairdis
L.8: ón bPáirc: ó Uachtarán na hÉireann i bPáirc an Fhionnuisce
L.14: gan scamall: gan bhrón
L.16: ar nós: cosúil le

Daonáireamh 1911
(Mamó ag caint lena garinín)

Suigh síos taobh liom a stór
go bhfoghlaimeoimid go leor
faoi na daoine a tháinig romhainn
sula raibh aon smaoineamh orainn.

Saor cloiche ba ea mo sheanathair,
Muiris Ó Gormáin, ar thaobh mo mháthar,
bhí lámh aige i dtógáil an tséipéil
agus na mballaí cloch sa cheantar.

Ba chainteoir Gaeilge í mo shin-seanmháthair,
Bríd Ní Dhuibhir ó Ghleann Dá Locha,
gan léamh ná scríobh ag an gcréatúirín
ach í ag obair ó dhubh go dubh.

Ní luaitear gairm bheatha leis na mná,
mná céile, iníonacha agus cailíní aimsire,
gan stádas, gan chéim, gan éirí in airde,
iad ar an runga ab ísle den dréimire.

(le **Róise Ní Ghráda**)

Teideal: daonáireamh: comhaireamh daoine
L.5: saor cloiche: tógálaí a oibríonn le clocha
L.9: sin-seanmháthair; máthair na seanmháthar
L.12: ó dhubh go dubh: ó mhaidin go hoíche
L.13: gairm bheatha: slí bheatha; post
L.16: runga: céim i ndréimire

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) Mínigh i d'fhocail féin a bhfuil i gceist sna **línte 9 – 12** sa dán *Daonáireamh 1911*.

(ii) (a) Cén áit ar rug Púdailín an bua iontach leis? (*An Púdal Béal Dorais*)
(b) Luaigh gradam **amháin** a bronnadh ar Phúdáilín. (*An Púdal Béal Dorais*)

(iii) (a) Luaigh **rud amháin** a thóg Muiris Ó Gormáin atá luaite sa dán *Daonáireamh 1911*.
(b) Cén fáth a bhfuil Éireannaigh bródúil as bua Phúdailín? (*An Púdal Béal Dorais*)

B (Léirthuiscint)

(i) Tá *díomá* nó *brón* léirithe sa véarsa deireanach sa dá dhán. I gcás dáin **amháin**, déan cur síos i do fhocail féin ar an gcaoi a gcuireann an file an *díomá* nó *an brón* os ár gcomhair.

(ii) I gcás ceann **amháin** den dá dhán, déan cur síos ar an saghas duine é an file a chum an dán, dar leat. Is leor **dhá phointe** eolais a lua.

(iii) Cé acu ceann den dá dhán is fearr a thaitin leat? Luaigh **dhá chúis** le do fhreagra.

Q1 Section 2 2009 Paper 2

Ceist 1. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
[*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

An Stoirm

Bhí fathach feargach, fíochmhar
Amuigh go mall aréir,
Chuala mé a choiscéim,
D'airigh mé a bhéic;
Tuargaint ar an bhfuinneog,
Búiríl sa simléar,
B'shin é glór an fhathaigh
A bhí amuigh aréir.

Rug sé ar na crainn is
Stoith sé iad ó fhréamh,
D'ardaigh sé an fharraige
Ina tonnta go spéir;
Ach bhí mé féin go teolaí
Istigh faoin mbog-bhlaincéad,
Is níor bhac mé leis an bhfathach
A bhí amuigh aréir!

(leis **An tSiúr Colmcille**)

Gluais: **(L.1)** fathach: duine ollmhór scanrúil
(L.5) tuargaint: bualadh
(L.6) búiríl: glór ard garbh
(L.10) stoith: tharraing
(L.13) teolaí: compordach

Oisín i ndiaidh na Féinne

Tháinig ar an gcapall bán
Ó Thír na nÓg leis féin
An fear a d'fhág na Fianna tráth
Is d'imigh leis i gcéin.

Trí chéad bliain a chaith sé ann
Is ag dul in óige a bhí,
Cé go raibh na Fianna blianta
San uaigh ina luí.

"Ná tar anuas den chapall
Nó beidh tú sean, a stór,
Tá na blianta fada caite
Ó chuala Fionn do ghlór."

Le comhairle Niamh níor éist
An fear ar an gcapall bán,
Is é a bhí óg is láidir
Mar a bhí nuair a d'fhág sé slán.

Oisín an té a tháinig
Is a thit dá chapall bán,
A d'athraigh ina sheanfhear lag
Tar éis na gcéadta ar fán.

(le **Tomás F. Mac Anna**)

Gluais: **(L.4)** i gcéin: thar sáile.
(L.13) comhairle: moladh.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) (a) Cá fhad a chaith Oisín i dTír na nÓg? **(Oisín i ndiaidh na Féinne)**
(b) Cén chomhairle a chuir Niamh ar Oisín? **(Oisín i ndiaidh na Féinne)**

(ii) (a) Cén fáth ar chuir an file an *stoirm* i gcomparáid le *fathach*? **(An Stoirm)**
(b) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile, dar leat, sna **línte 13-16**. **(An Stoirm)**

(iii) (a) Cén timpiste a tharla d'Oisín? Cad a tharla dó dá bharr sin? **(Oisín i ndiaidh na Féinne)**
(b) Conas a léiríonn an file go raibh an *fathach* láidir sa dán **An Stoirm**?

B (Léirthuiscint Ghinearálta)

(i) Déan cur síos gairid ar **dhá** *dhifríocht* atá idir an dá dhán.

(ii) Cén saghas duine é Oisín, dar leat, sa dán **Oisín i ndiaidh na Féinne**? Is leor **dhá phointe.**

(iii) Cad é an mothúchán is láidre, dar leat, atá léirithe sa dán **An Stoirm**?
Conas a chuireann an file an mothúchán sin os ár gcomhair?

Q1 Section 2 2008 Paper 2

Ceist 1. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
[*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*]

Tram 15

Ar airigh tú riamh
bam, bam,
ceol an traim:
bam, bam;
ar thram a cúig déag
thuas ar barr
ag dul caol díreach
suas Bóthar Ráth Gearr,
ar luas tintrí
bam, bam;
sa bhliain 1933
bam, bam;
Sliabh Chualann romhat
ag ceann an bhóthair
gan díon ar an tram
bam, bam;
gan ann ach cúpla neomat;
tú féin is Maryanne
ar bharr an traim
ó Stáisiún na nGardaí go Bóthar Ardpháirce;
splanc den tsíoraíocht,
cuimhne i dtaisce,
is ar phingin an duine
bhí sé saor in aisce!

(le **S.E. Ó Cearbhaill**)

Gluais:
(L.21) splanc den tsíoraíocht: sonas gan stad
(L.22) i dtaisce: curtha i leataobh

Turas

Ar an mbealach
go Nua-Eabhrac
bhí a croí ina béal
le sceon;
thuas san aer
os cionn an Atlantaigh
bhuail racht sceimhle í,
an bhean bhocht
a bhí ina suí
taobh liom;

buama i ngach mála, dar léi,
gaireas pléasctha i ngach dorn,
fuadaitheoir ag an mbarr
sceimhlitheoir ag an mbun.

Fad an turais
d'éist mé léi
'gus nochtaigh sí dom
a saol is a rúin,
gur scaoil sí osna faoisimh aisti
nuair a bhuail rothaí an eitleáin
an talamh buan.

(le **Róise Ní Ghráda**)

Gluais:
(L.4) sceon: scanradh
(L.7) sceimhle: eagla
(L.7) racht: babhta
(L.12) gaireas: gléas, fearas

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) Cén 'racht sceimhle' a bhuail an bhean sa dán *Turas*? (Is leor **dhá phointe** eolais a lua.)

(ii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 21-24** den dán *Tram 15*, dar leat.
(Is leor **dhá phointe** eolais a lua.)

(iii) Mínigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 15-21** den dán *Turas*, dar leat.

B (Léirthuiscint)

(i) Cad é an mothúchán is láidre, dar leat, atá léirithe sa dán *Tram 15*? Conas a chuireann an file an mothúchán sin os ár gcomhair?

(ii) Déan cur síos gairid ar **chosúlacht amháin** agus ar **dhifríocht amháin** atá idir an dá dhán.

(iii) I gcás dáin **amháin** den dá dhán thuas, tabhair cuntas gairid ar an tábhacht a bhaineann le fuaim na bhfocal ann. (Is leor **dhá phointe** eolais a lua.)

Q1 Section 2 2007 Paper 2

Ceist 1. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir **an tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.

[Biodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]

An Canaerí

Bhí éanadán ag Seán Ó Riain,
Is cheannaigh sé canaerí
Ó ghasúr deas a bhí 'na rang,
Darbh ainm Tadhg Ó Laoghaire. **4**

Bhí áthas mór ar Sheán Ó Riain
Nuair a thug sé an t-éan abhaile,
Chuir sé é san éanadán
Is chroch é ar an mballa. **8**

B'ionadh leis nár chan an t-éan,
Mar canann gach canaerí;
Níor tháinig uaidh ach "sea, sea, sea,"
Is d'ith sé síol go craosach. **12**

Nigh an t-éan é féin ansin,
Is rith an dath go léir de;
Ní raibh san éan ach gealbhan donn -
Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire! **16**

(*le* **Seán Mac Fheorais**)

Gluais:
(L.1) éanadán = cás éin
(L.12) go craosach = go santach
(L.15) gealbhan = éan beag bídeach

Cuairt

Sular mhúscail mé,
Tháinig mo ghrá chugam
I mbrionglóid chomh fíor
Leis an lá úd
I Ráth Maoláin
Nuair a shiúlamar an trá. **6**

Sea, tháinig sé chugam,
Phóg sé mé go súgrach
'S d'imigh. **9**

Gach lá, a ghrá,
Fanaim
Le do athchuairt
I mbrionglóid. **13**

(*le* **Colette Ní Ghallchóir**)

Gluais:
(L.1) mhúscail = dhúisigh
(L.8) go súgrach = go spórtúil
(L.12) athchuairt = teacht ar ais

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuiscint)

(i) (a) Cé a dhíol an canaerí le Seán Ó Riain sa dán *An Canaerí*?
(b) Cad a tharla nuair a nigh an canaerí é féin lá amháin?

(ii) (a) Cár bhuail an file lena 'grá' den chéad uair sa dán *Cuairt*?
(b) Luaigh rud amháin a rinne siad le chéile an lá sin.

(iii) (a) Cad leis a mbíonn an file ag fanacht anois sa dán *Cuairt*?
(b) Mínigh a bhfuil i gceist sa líne 'Mí-ádh ar Thadhg Ó Laoghaire' (*An Canaerí* – **L. 16**).

B (Léirthuiscint Ghinearálta)

(i) An dóigh leat go bhfuair Seán Ó Riain margadh maith sa dán *An Canaerí*?
Tabhair **dhá fháth** le do fhreagra.

(ii) Cén saghas duine í an file, dar leat, sa dán *Cuairt*?
Is leor **dhá phointe** a lua.

(iii) Luaigh **difríocht amháin** agus **cosúlacht amháin** atá idir an dá dhán.